Luke Flanagan

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoin Teachta Dála Luke Ming Flanagan.

Sula bhféachann tú ar an tuairisc, an féidir leat féin agus an duine in aice leat an leagan Gaeilge de na focail / frásaí thíos a aimsiú?

1) Independent TD _____
2) penalty points _____
3) they were rendered invalid _____
4) he was dealing with _____
5) exemption _____
6) prosecution _____
7) it comes in the heels of _____
8) it is alleged _____
9) editorial _____
10) social networking websites _____
11) issued _____

Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Pléigí na ceisteanna seo le chéile:

1. Cén fáth ar gearradh pointí pionóis ar Luke Flanagan?
2. Cén fáth a bhfuil an scéal sna nuachtáin faoi láthair?
3. Cad a bhí le rá ag an bheirt chainteoirí óna dháilcheantar?
4. An bhfuil aon ní ráite ag an Teachta Dála féin faoin scéal?

Ceist 3 Ag obair le chéile go fóill, scríobhaigí isteach an fhoirm cheart den bhriathar saor do gach briathar sna bearnaí. Éistigí leis an mhír arís le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Le dhá lá bhí tuairiscí i nuachtáin gur _____ (cuir) ar ceal pointí pionóis a _____ (tabhair) don Teachta Dála Luke Mink Flanagan i mí an Mheithimh 2011. _____ (Tuig) go bhfacthas an Teachta Flanagan ag caint ar an bhfón agus é ag tiomáint, agus fuair sé dhá phointe pionóis. _____ (tuairiscigh) san *Independent* gur deineadh neamhbhailí ar na pointí mar gur thug an Teachta Flanagan le fios go raibh cúrsaí Dála á láimhseáil aige. Tá díolúine ag baill den oireachtas ó ionchúiseamh má tá siad ag taisteal go dtí nó ón Dáil. Tagann an scéal seo sna sála ar an uair a _____ (cáin) Luke Flanagan agus Teachtaí Dála Neamhspleácha eile nuair a thriail siad plé a dhéanamh sa Dáil ar phointí pionóis a _____ (líomhain) a ghlan Gardaí do dhaoine mór le rá. _____ (Abair) in eagarfhocal an Independent inniu gur cheart don Teachta Dála cuimhneamh ar an seasamh atá aige mar ionadaí poiblí.

Ceist 4 '…*aige*…'

a. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an fhocal i gcló Iodálach thuas? Pléigh é leis an duine in aice leat. Mura bhfuil tú cinnte cabhróidh an teagascóir leat.
b. An féidir libh Gaeilge a chur ar na nathanna seo a leanas:

1. I trust her.
2. I'm afraid of him.
3. She failed the exam.
4. She did well in the exam.
5. They were laughing at us.
6. He passed me by in the hall.
7. We'll divide it between us.
8. She didn't welcome me.
9. Did you complain about her?

Ceist 5 '…*mí an Mheithimh*…'

Críochnaigh an bosca seo thíos leis na leaganacha cearta de na míonna. Lean an patrún a bhaineann le mí Eanáir. Bí cúramach áfach, athraíonn cuid de na míonna sa tuiseal ginideach. Nuair atá tú críochnaithe féach cad a bhí ag an duine in aice leat.

Eanáir	**Mí Eanáir**	**Tús mhí Eanáir**

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa

- An córas maith é córas na bpointí pionóis dar leat? Cén fáth?
- Ar cheart do Theachtaí Dála a bheith saor ó phionóis mar seo? Cén fáth?
- An mbaineann tú féin úsáid as *Facebook* agus *Twitter*? Cé chomh minic agus cén dóigh a mbaineann tú úsáid astu?

Freagraí

Ceist 1

1) Independent TD	*Teachta Dála Neamhspleách*
2) penalty points	*pointí pionóis*
3) they were rendered invalid	*rinneadh neamhbhailí ar na…*
4) he was dealing with	*bhí …. á láimhseáil aige*
5) exemption	*díolúine*
6) prosecution	*ionchúiseamh*
7) it comes in the heels of	*tagann sé sna sála ar…*
8) it is alleged	*líomhnaítear*
9) editorial	*eagarfhocal*
10) social networking websites	*láithreáin shóisialta*
11) issued	*eisithe*

Ceist 2

1. Toisc gur rugadh air ag caint ar an ghuthán póca agus é ag tiomáint.
2. Rinneadh neamhbhailí ar na pointí mar go ndúirt an Teachta Dála go raibh cúrsaí na Dála idir lámha aige agus é ag caint ar an ghuthán. Chomh maith leis sin ar fad rinne sé iarracht plé a chothú ag an am sa Dáil faoi ghardaí ag glanadh pointí a tugadh do dhaoine mór le rá.
3. Deir siad nár cheart go mbeadh dlí amháin ann do Theachta Dála agus dlí eile don ghnáthdhuine ach go bhfeicfidís cad a déarfadh Luke Flanagan sa Dáil amárach sula gcáinfidís é.
4. Is cosúil go ndearna sé roinnt tagairtí don scéal ar láithreáin shóisialta cosúil le *Facebook* agus *Twitter* ach níl tada ráite aige orthu ón oíche aréir. Níl aon ráiteas oifigiúil eisithe aige ach an oiread.

Ceist 3

Le dhá lá bhí tuairiscí i nuachtáin gur **cuireadh** ar ceal pointí pionóis a **tugadh** don Teachta Dála Luke Mink Flanagan i mí an Mheithimh 2011. **Tuigtear** go bhfacthas an Teachta Flanagan ag caint ar an bhfón agus é ag tiomáint, agus fuair sé dhá phointe pionóis. **Tuairiscítear** san *Independent* gur deineadh neamhbhailí ar na pointí mar gur thug an Teachta Flanagan le fios go raibh cúrsaí Dála á láimhseáil aige. Tá díolúine ag baill den oireachtas ó ionchúiseamh má tá siad ag taisteal go dtí nó ón Dáil. Tagann an scéal seo sna sála ar an uair a **cáineadh** Luke Flanagan agus Teachtaí Dála Neamhspleácha eile nuair a thriail siad plé a dhéanamh sa Dáil ar phointí pionóis a **líomhnaítear** a ghlan Gardaí do dhaoine mór le rá. **Dúradh** in eagarfhocal an Independent inniu gur cheart don Teachta Dála cuimhneamh ar an seasamh atá aige mar ionadaí poiblí.

Ceist 4

Forainm réamhfhoclach atá ann.

Tá muinín agam aisti.
Tá eagla orm roimhe.
Theip uirthi sa scrúdú.
D'éirigh go maith léi sa scrúdú.
Bhí siad ag magadh fúinn.
Chuaigh sé tharam sa halla.
Roinnfimid é eadrainn.
Níor chuir sí fáilte romham.
An ndearna tú gearán fúithi?

Ceist 5

Eanáir	**Mí Eanáir**	**Tús mhí Eanáir**
Feabhra	Mí Feabhra	Tús mhí Feabhra
Márta	Mí an Mhárta (na Márta)	Tús mhí an Mhárta
Aibreán	Mí Aibreáin	Tús mhí Aibreáin
Bealtaine	Mí na Bealtaine	Tús mhí na Bealtaine
Meitheamh	Mí an Mheithimh	Tús mhí an Mheithimh
Iúil	Mí Iúil	Tús mhí Iúil
Lúnasa	Mí Lúnasa	Tús mhí Lúnasa
Meán Fómhair	Mí Mheán Fómhair	Tús mhí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair	Mí Dheireadh Fómhair	Tús mhí Dheireadh Fómhair
Samhain	Mí na Samhna	Tús mhí na Samhna
Nollaig	Mí na Nollag	Tús mhí na Nollag

Ceist 6

Tabhair tamall do na daltaí na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

Máire T. Ní Mhadaoin
Tuairiscítear gur amárach a labhróidh an Teachta Dála Neamhspleách as Ros Comáin, Luke Ming Flanagan, faoi thuairiscí i nuachtáin gur glanadh pointí pionóis a gearradh air in 2011. Rug na Gardaí air ag caint ar an bhfón nuair a bhí sé ag tiomáint. Dúirt sé, is cosúil, gur cúrsaí Dála a bhí sé a phlé ag an am agus dá bhrí sin nach bhféadfaí aon phionós a ghearradh air.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Le dhá lá bhí tuairiscí i nuachtáin gur cuireadh ar ceal pointí pionóis a tugadh don Teachta Dála, Luke Mink Flanagan, i mí an Mheithimh 2011. Tuigtear go bhfacthas an Teachta Flanagan ag caint ar an bhfón agus é ag tiomáint, agus fuair sé dhá phointe pionóis. Tuairiscítear san *Independent* gur deineadh[i] neamhbhailí ar na pointí mar gur thug an Teachta Flanagan le fios go raibh cúrsaí Dála á láimhseáil aige. Tá díolúine ag baill den oireachtas ó ionchúiseamh má tá siad ag taisteal go dtí, nó ón, Dáil. Tagann an scéal seo sna sála ar an uair a cáineadh Luke Flanagan agus Teachtaí Dála Neamhspleácha eile nuair a thriail siad plé a dhéanamh sa Dáil ar phointí pionóis a líomhnaítear a ghlan Gardaí do dhaoine mór le rá. Dúradh in eagarfhocal an Independent inniu gur cheart don Teachta Dála cuimhneamh ar an seasamh atá aige mar ionadaí poiblí. Inniu i gContae Ros Comáin bhí an scéal ina ábhar cainte ag daoine ach is cosúil go bhfuil a dháilcheantar sásta fanacht go dtí go mbeidh tuilleadh eolais acu.

Tom Murray, CO. Ros Comáin
Nil sé ceart go bhfuil dlí amháin ag an Teachta Dála agus dlí eile ag na gnáthdhaoine[ii]. B'fhéidir go bhfuil leithscéal aige ach feicimid amárach sa Dáil.

An Comhairleoir Seán Beirne FG
Chím é gur rud pearsanta é agus tá sé le caint faoi san Oireachtas amárach agus fanfaidh mé leis sin.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Ní raibh Luke Ming Flanagan ar fáil inniu ag a theach cónaithe ná ag a oifig dáilcheantair ar an gCaisleán Riabhach ach is cosúil go ndearna sé roinnt tagairtí don scéal ar láithreáin shóisialta cosúil le *Facebook* agus *Twitter* ach níl tada ráite aige orthu ón oíche aréir. Níl aon ráiteas oifigiúil eisithe ag an Teachta Flanagan inniu ach tá sé tugtha le fios aige go dtabharfaidh sé eolas breise faoin gcás sa Dáil tráthnóna amárach ag a sé. Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4, i gContae Ros Comáin.

[i] *go ndearnadh* atá sa chaighdeán oifigiúil
[ii] *gnáthdaoine* a deirtear